Nós Fiosraithe Gearán faoin Acht um Míchumas, 2005 le haghaidh Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo (Comhairle Contae Mhaigh Eo; Comhairlí Baile Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart).

Fiosrú Gearán faoin Acht um Míchumas, 2005

Tá sé de cheart ag duine gearán scríofa a chur faoi bhráid Oifigeach Fiosrúcháin Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo i ndáil le teip an Údaráis Áitiúil cloí le hAlt 25, 26, 27, 28 nó 29 den Acht um Míchumas, 2005.

Is í Fiona Campbell, An Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, an tOifigeach Fiosrúcháin d'Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo.

Nós Imeachta:

Déanfaidh an tOifigeach Fiosrúcháin gearáin a fhiosrú de réir Alt 39 den Acht um Míchumas, 2005. Eiseofar tuairisc le toradh fhiosruithe an Oifigigh Fiosrúcháin, mar aron le dearbhú ar pé acu go raibh nó nach raibh bunús leis an ngearán agus an raibh locht ar an Údarás Áitiúil as cúis an ghearáin. Sa chás go n-aithnítear teip, leagfar amach sa tuairisc na bearta a chuirfear i bhfeidhm lena chinntiú nach dtarlaíonn sé ar an athuair.

Déanamh agus Fáil Gearáin:

Déanamh Gearáin:

Ní mór gearán a dhéanamh i scríbhinn agus ainm na rannóige lena mbaineann an gearán a bheith luaite air:

- **Ní mór cúis an ghearáin a chur in iúl go soiléir agus aon eolas a bhaineann le hábhar agus a d'fhéadfadh cuidiú le fiosrú an ghearáin a chur leis.**
- **Ní mór gearáin a chur faoi bhráid an Oifigigh Fiosrúcháin.**

Is féidir leis an duine féin an gearán a dhéanamh, nó duine ón liosta a leanas ag feidhmiú thar a cheann: céile, tuismitheoir, gaol, caomhnóir, duine ag gníomhú in loco parentis don duine, ionadaí dlíthiúil nó abhcóide pearsanta ainmnithe ag an mBord Eolais do Shaoránaigh le gníomhú thar ceann an duine.

Clárú agus Admháil Gearáin:

Admhófar <u>go bhfuarthas an gearán</u> a luaithe agus is féidir, ach <u>faoi cheann cúig lá oibre i ndiaidh a fhaighte,</u> ar a dhéanaí.

Scagadh Gearáin:

Déanfar an gearán a scrúdú le feiceáil an mbaineann sé le teip, curtha i leith an Údaráis Áitiúil, i gcomhlíonadh Alt 25, 26, 27, 28, nó 29 den Acht.

Más gearán neamhbhailí é, .i. mura mbaineann sé le cúrsaí a thiteann faoi scáth Ailt 25 go 29 den Acht, cuirfidh an tOifigeach Fiosrúcháin an méid sin in iúl don ghearánach le cúiseanna a thacaíonn leis an gcinneadh sin, agus tabharfar comhairle don ghearánach maidir le modhanna eile comhshásaimh atá ar fáil dóibh, más féidir.

Má mheastar an gearán bailí, ag brath ar an méid a leanas, cuirfidh an tOifigeach Fiosrúcháin fiosrúchán ar bun.

Má tá an tOifigeach Fiosrúcháin den tuairim gur gearán baoth nó cráiteach é, cuirfear an méid sin in iúl don ghearánach agus tabharfar deis dóibh aighneacht a dhéanamh ina thaobh. Má chinneann an tOifigeach Fiosrúcháin, i ndiaidh dó na haighneachtaí seo a mheas, go bhfuil an gearán baoth nó cráiteach, ní dhéanfar é a fhiosrú. Cuirfidh an tOifigeach Fiosrúcháin an méid sin in iúl don ghearánach i scríbhinn.

Iarratas Foirmiúil ar Fhaisnéis/Tuairiscí

Má tá tuilleadh sonraí, aighneachtaí, srl. de dhíth, rachaidh an tOifigeach Fiosrúcháin ag lorg an eolais sin a luaithe agus is féidir i ndiaidh dó gearán bailí a fháil.

Iarratas ar Fhaisnéis/Tuairiscí/Comhaid:

Cuirfear an t-oifigeach sinsearach cuí san Údarás Áitiúil – an Stiúrthóir Seirbhísí, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Innealtóir Sinsearach, Cléireach Baile, nó oifigeach eile cuí – ar an eolas faoin ngearán agus iarrfar tuairisc iomlán uaidh ar a

dhearcadh i leith an ábhair ghearáin, ionas gur féidir leis an Oifigeach Fiosrúcháin an gearán a fhiosrú. Ní mór aird a thabhairt ar chuile ghné den ghearán sa tuairisc sin. Sa chás go ndéantar tagairt do Threoirlínte nó Cóid Chleachtais, ba chóir don oifigeach cuí sonraí na dTreoirlínte nó an Chóid Chleachtais sin a lua sa tuairisc.

Sa chás gur theip ar an Údarás Áitiúil cloí le ceann de na hailt idir chaibidil den Acht, ba chóir dó a bheith leagtha amach sa tuairisc céard iad na bearta atá riachtanach lena chinntiú nach dteipfidh an Rannóg sin arís amach anseo.

Iarrfaidh an tOifigeach Fiosrúcháin tuilleadh faisnéise, tuairimí srl. ón ngearánach más gá, agus tabharfar an deis leis tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh.

Ba chóir aon eolas nó tuairiscí a iarrann an tOifigeach Fiosrucháin a chur faoina bhráid faoi cheann trí seachtaine óna iarradh. Má tá eolas riachtanach don iniúchadh in easnamh, iarrfar tuairisc eile.

Sa chás nach ndéanann an gearánach aighneacht, leanfar ar aghaidh leis an bhfiosrúchán.

Agallaimh:

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach, mar chuid den fhiosrúchan, an gearánach nó oifigigh de chuid an Údaráis Áitiúil a chur faoi agallamh chun tuilleadh faisnéise a fháil, nó chun míniú nó soiléiriú a fháil ar fhaisnéis. B'éigean do bhaill foirne uile comhoibriú le fiosrúcháin an Oifigigh Fiosrúcháin.

Fiosrú Gearáin:

Agus an t-eolas cuí uile curtha san áireamh, cuirfidh an tOifigeach Fiosrúcháin **Réamhthuairisc** i dtoll a chéile in a leagann sé amach torthaí an fhiosrúcháin. Tabharfar le fios ann an fhaisnéis uile a bhaineann le hábhar, mar aon le tuairim thosaigh an Oifigigh Fiosrúcháin faoi pé acu gur theip nó nár theip an Údarás Áitiúil an Alt cuí den Acht a chomhlíonadh. Sa chás gur theip, leagfar amach na bearta a d'fhéadfaí cur i bhfeidhm sa Rannóg lena chinntiú nach dteipfidh siad arís amach anseo.

Cuirfear cóip den Réamhthuairisc faoi bhráid an oifigigh shinsearaigh chuí san Údarás Áitiúil a bhfuil cúis an ghearáin faoina chúram, agus iarrfar air freagra a thabhairt ar an Réamhthuairisc sin.

Cuirfidh an tOifigeach Fiosrúcháin freagra an oifigigh shinsearaigh san áireamh agus **Tuairisc Dheiridh** á cur i dtoll a chéile aige. Leagfar amach ansin torthaí an fhiosrúcháin, maille le cinneadh faoi pé acu gur theip nó nár theip an Údarás Áitiúil an Alt cuí den Acht a chomhlíonadh. Sa chás gur theip, leagfar amach na bearta atá le cur i bhfeidhm sa Rannóg lena chinntiú nach dteipfidh siad arís amach anseo.

Críoch an Fhiosrúcháin:

Fógra an Chinnidh:

Cuirfear cóip den Tuairisc Dheiridh faoi bhráid an Uas. Joe Loftus, Stiúrthóir Seirbhísí, An Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, agus faoi bhráid an ghearánaigh araon.

Cuirfear ar shúile an ghearánaigh go bhfuil sé de cheart acu achomharc a lorg ón Ombudsman, ach teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Formáidí Eile:

Tá an Nós Imeachta chun Gearán a Dhéanamh faoin Acht um Míchumas ar fáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Mhaigh Eo (www.cocomhaigheo.ie) agus is féidir é a fháil i bhformáidí eile ach é a iarradh.